**An Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú an 1 Iúil 2021 trí Skype for Business**

I láthair: Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Shane Carton, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird

Chuir an Bord fáilte roimh Deirdre Quaid mar chomhalta nua, tar éis a ceapacháin le déanaí mar Stiúrthóir Iniúchóireachta.

**1. Glacadh leis an gclár oibre**

Glacadh leis an dréachtchlár oibre mar a scaipeadh é.

**2. Coinbhleachtaí leasa le tabhairt faoi deara**

Níor tuairiscíodh aon choinbhleacht leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

**3. Miontuairiscí an chruinnithe deiridh agus na nithe a d'éirigh as**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh an 26 Márta 2021, faoi réir roinnt mionathruithe beaga, agus ceadaíodh iad lena bhfoilsiú ar inlíon na hOifige. D'aontaigh an Bord miontuairiscí an chruinnithe a tionóladh an 16 Bealtaine 2021 cheana féin trí nós imeachta i scríbhinn agus, dá bhrí sin, thug an Bord faoi deara iad.

**4. Rioscaí atá ag teacht chun cinn**

Níor thug an bord aon riosca atá ag teacht chun cinn faoi deara.

**5. An t-eolas is deireanaí ar thionchar Covid-19**

Thug an Bord faoi deara go raibh an tinreamh ar áitreabh na hOifige ag méadú. Eiseofar meabhrúchán chuig an bhfoireann faoi na nósanna imeachta atá le leanúint roimh dóibh agus le linn dóibh freastal ar an Oifig. Tá ag éirí leis an aonad saoráidí oibriú go maith maidir le freastal ar threalamh foirne agus ar riachtanais eile le linn na cianoibre.

Tá suirbhéanna Pulse ar na fostaithe ar siúl gach coicís agus léiríonn siad leibhéal leathan sásaimh i measc na foirne. Thug an Rúnaí faoi deara cé chomh maith agus a d'éirigh leis an mbabhta is déanaí de chruinnithe halla baile leis an bhfoireann, a cuireadh ar siúl i mí na Bealtaine.

Tá an mheitheal um Thodhchaí na hOibre ag ullmhú togra maidir leis an tsamhail oibre don Oifig amach anseo lena chur i láthair ag an gcéad chruinniú eile de chuid an Bhoird Bainistíochta, atá le cur ar siúl an 20 Iúil. Chinn an Bord Iniúchóireachta gur cheart dó cruinniú speisialta a thionól i mí Lúnasa chun an togra a bhreithniú, a luaithe a bheidh sé ceadaithe ag an mbord bainistíochta.

Thug an Bord faoi deara an tábhacht a baineann leis an tionchar aeráide a ghabháil (e.g., laghdú sa chomaitéireacht agus sa taisteal oifigiúil) d'aon samhail nua oibre don fhoireann.

**6. Liosta gníomhartha an Bhoird Iniúchóireachta (páipéar A)**

Thug an Bord faoi deara gur críochnaithe anois atá 4 mhír, mar atá: an nóta faisnéise ar tharmligean; leagan amach na tuarascála ón Stiúrthóir Faireacháin agus Meastóireachta; athbhreithniú ar thuarascáil feidhmíochta na hOifige, agus na cruinnithe halla baile i mí na Bealtaine. Comhaontaíodh freisin gur cheart dhá mhír chomhchosúla (maidir le tuairisciú an lucht bainistíochta ar an dul chun cinn ar iniúchóireacht airgeadais) a chumasc ina mír amháin. Comhaontaíodh gníomh nua maidir le leagan amach na tuarascála ón Stiúrthóir Faireacháin agus Meastóireachta don chéad bhliain eile. Athraíodh na gníomhartha atá fágtha chun dáta chun an dul chun cinn a rinneadh ó mhí an Mhárta anuraidh a léiriú.

**7. An clár tuairiscithe (páipéar B)**

Thug an Bord faoi deara stádas an chláir tuairiscithe don bhliain 2021 agus go raibh stádas na gcaibidlí ag athrú go leanúnach. Tá 15 chaibidil sa chlár faoi láthair, mar aon le 15 thuarascáil shonracha a bhfuil méideanna difriúla dul chun cinn déanta orthu.

**8. An clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar C)**

Thug an Bord faoi deara an tuarascáil feidhmíochta iniúchóireachta don bhliain 2021 go dtí seo. I bhfianaise uainiú an chruinnithe seo (i.e.,, lá amháin tar éis garsprioc an 30 Meitheamh), comhaontaíodh go ndéanfaí an páipéar comhfhreagrach a ullmhófar do chruinniú an bhoird bainistíochta i mí Iúil a scaipeadh ar an mBord Iniúchóireachta freisin.

Thug an Bord faoi deara freisin gurb amhlaidh, de na deich ráiteas airgeadais nár deimhníodh fós amhail an 31 Nollaig 2020, gur deimhníodh naoi gcinn díobh ó shin i leith. Tá an t-iniúchadh eile luaite i bpáipéar D maidir leis an ngá le reachtaíocht ina leith.

**9. Iniúchtaí nua/deiridh (páipéar D)**

Thug an Bord faoi deara an t-athrú ar na socruithe maidir le hiniúchtaí nua a liostú. Thug an Bord faoi deara na hiniúchtaí nua orthu seo:

- An Cheathrú Cultúir 1916 Teoranta
- An Rialálaí Cearrbhachais
- Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre Iarthar Láir
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
- Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

Thug an Bord faoi deara freisin gur aistríodh an fhreagracht as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais le haghaidh Pembroke Ventures DAC, Pembroke Beach DAC agus Pembroke Homes DAC ón Oifig de bhun idirbheart GNBS ar shuíomh Glass Bottle.

Thug an bord faoi deara an moladh go ndéanfaí an t-athbhreithniú dlíthiúil ráithiúil a scaipeadh ar chomhaltaí uile an bhoird bainistíochta ar é a fháil.

**10. An togra maidir le hAthbhreithniú Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta (páipéar E)**

Thug an Bord faoi deara, agus cheadaigh an Bord, na hiniúchtaí a moladh le haghaidh Athbhreithniú Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta don deireadh bliana airgeadais 2021, faoi réir na leasuithe seo a leanas:

- GNBS le bogadh ó Thábla 1 go bun Thábla 2 (le haghaidh Athbhreithniú Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta sa bhliain 2023)
- Ollscoil Luimnigh le bogadh ó Thábla 3 go Tábla 2 (le haghaidh Athbhreithniú Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta sa bhliain 2022)
- FSS le bogadh ó Thábla 3 go Tábla 1
- Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (Cohórt 1), Sláinte Leanaí Éireann (Cohórt 1) agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (Cohórt 3) le cur le Tábla 3.

Cuirfear an liosta ceadaithe le tiomántán faisnéise an lucht bainistíochta agus déanfaidh an t-aonad GSA obair leantach leis an Aonad Tacaíochta Cáilíochta lena chinntiú go dtabharfar rochtain ar chomhaid foirne ábhartha agus go seolfar na meabhrúcháin i leith Athbhreithnithe Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta.

Maidir leis an bhfeidhm tuairiscithe, chinn an Bord gur cheart leanúint ar aghaidh leis na hAthbhreithnithe Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta maidir leis an tuarascáil ina ndearnadh gníomh leantach ar na moltaí a tháinig as tuarascálacha speisialta 98 go 107 agus maidir leis an tuarascáil ina ndearnadh gníomh leantach ar na moltaí a tháinig as tuarascáil bhliantúil 2017.

**11. Tarmligean i ndlínsí eile (páipéar F)**

Thug an Bord faoi deara an páipéar suimiúil ar an gcur chuige i leith tarmligin a glacadh i ndlínsí eile agus úsáid á bhaint as samhail Westminster um iniúchóireacht náisiúnta, lena n-áirítear an cur chuige a ghlacann NAO (an Oifig Náisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe)) i leith feidhm an ard-reachtaire a tharmligean.

D'iarr an Bord páipéar dá chruinniú i mí na Samhna 2021 ar na himpleachtaí d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhainfeadh le cur chuige tarmligin a bheadh bunaithe ar riosca i gcomparáid leis an gcur chuige reatha atá bunaithe ar láimhdeachas.

**12. An dul chun cinn ar an scéim teanga (páipéar G)**

Thug an Bord faoi deara an páipéar faoi Scéim Teanga na hOifige do na blianta 2021 go 2024. D'iarr an Bord roinnt méadrachtaí ar an gcéatadán de na teagmhálacha leis an Oifig a dhéantar trí Ghaeilge (agus méadrachtaí ar leith ann le haghaidh glaonna gutháin agus le haghaidh cuairteanna ar an suíomh Ghréasáin).

**13. Aon ghnó eile**

Thug an Bord faoi deara gur foilsíodh tuarascáil feidhmíochta na hOifige ar shuíomh Gréasáin na hOifige ón gcruinniú deireanach a bhí aige i leith.

Thug an Bord faoi deara gur foilsíodh an tuarascáil ón Stiúrthóir Faireacháin agus Eitice don inlíon ón gcruinniú deireanach a bhí aige i leith.

Thug an Bord faoi deara imeacht an léargas iniúchóireachta dar teideal '*Emerging Challenges - what our audits say about the changing environment*' a cuireadh ar siúl an 17 Meitheamh 2021.

Tionólfaidh an Bord an 17 Lúnasa le haghaidh cruinniú speisialta chun an togra um thodhchaí na hoibre a bhreithniú. Beidh an chéad chruinniú rialta eile le cur ar siúl Dé hAoine an 5 Samhain.